C/2024/5286

27.8.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11641 — KKR / SUPERSTRUCT)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5286)

1. An 21 Lúnasa 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Dance Bidco S.à r.l. ('Dance Bidco', Stáit Aontaithe Mheiriceá), atá faoi urlámhas ag KKR & Co. Inc. ('KKR', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— LMF Holdco S.à r.l. (Lucsamburg) agus HV Holding S.à r.l. (i dteannta a chéile, an 'Spriocghnóthas', Lucsamburg), atá faoi urlámhas ag Providence Holdco International GP Ltd ('Providence', Oileáin Cayman).

Gheobhaidh KKR urlámhas aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar an Spriocghnóthas.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Gnólacht infheistíochta domhanda is ea KKR, a sholáthraíonn seirbhísí bainistíochta sócmhainní malartacha mar aon le margaí caipitil agus réitigh árachais,

— Tá Superstruct Holding S.à r.l. faoi urlámhas indíreach ag an Spriocghnóthas. (i dteannta a fhochuideachtaí, 'Superstruct'). Is gnólacht siamsaíochta beo é Superstruct a bhfuil féilte ceoil faoi úinéireacht agus á bhfeidhmiú aige san Eoraip agus san Astráil agus a sholáthraíonn seirbhísí d'fhéilte ceoil agus d'imeachtaí beo lena n-áirítear réitigh chóiríochta, seirbhísí stáitse agus léiriúcháin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11641 — KKR / SUPERSTRUCT

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË